V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11128 — IBERDROLA / BP / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 344/18)

1. An 21 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Iberdrola Clientes, S.A.U (an Spáinn) agus Iberdrola Clientes Portugal, Unipessoal, Lda (an Phortaingéil), faoi rialú Iberdrola, S.A. ('Iberdrola', an Spáinn),

— BP Energía España, S.A.U. (an Spáinn) agus BP Portugal, Comércio de Combustíveis e Lubrificantes, S.A. (an Phortaingéil), faoi rialú BP, p.l.c. ('BP', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Iberdrola agus BP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar chomhfhiontar lánfheidhme nua-ionchorpraithe sa Spáinn (an 'JV').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Iberdrola: cuideachta fuinnimh chomhtháite dhomhanda atá gníomhach san earnáil fuinnimh trína slabhra luacha ar fad agus a dhíríonn go háirithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú, a thráchtálú agus a dháileadh,

— i gcás BP: cuideachta chomhtháite a bhfuil oibríochtaí aige san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh agus Theas, san Astráil, san Áise agus san Afraic, agus a dhíríonn ar cheithre ghrúpa gnó: (i) táirgeadh agus oibríochtaí hidreacarbón (ola agus gás); (ii) custaiméirí agus táirgí; (iii) gás agus fuinneamh ísealcharbóin (lena n-áirítear foinsí in-athnuaite fuinnimh agus gás comhtháite); agus (iv) nuálaíocht agus innealtóireacht chun claochlú digiteach a stiúradh.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an JV gréasán poiblí de stáisiúin athluchtaithe lena ngabhfaidh luasanna athluchtaithe de bhreis agus 50 kW le haghaidh feithiclí leictreacha a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil sa Spáinn agus sa Phortaingéil.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11128 — IBERDROLA / BP / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto:COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË